Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0410(COD)**

6531/24
ADD 1

CODEC 460
IXIM 54
ENFOPOL 70
JAI 254

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Danmhairg**

Níor ghlac an Danmhairg páirt i nglacadh an chur chuige ghinearálta i ndáil leis an togra le haghaidh rialachán nua maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (Prüm II') mar gheall ar rogha na Danmhairge gan a bheith páirteach i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile. Mar sin féin, cuireann rialachán Prüm II leis an gcomhar Prüm atá ann cheana i réimse an mhalartaithe sonraí póilíneachta ina bhfuil an Danmhairg rannpháirteach faoi láthair. Tá an comhar sin a bhí ann ó shin roimh Chonradh Liospóin bunaithe ar chinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac. Is léir go ndeachaigh rannpháirtíocht na Danmhairge sa chomhar Prüm atá ann cheana chun tairbhe don dá thaobh agus bhíothas in ann imscrúdú éifeachtach agus forfheidhmiú an dlí a dhéanamh dá bharr.

Creidimid, dá bhrí sin, go ndéanfaí dochar ní hamháin do na huirlisí imscrúdaitheacha don Danmhairg ach go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen ina iomláine dá bhfágfaí an Danmhairg as an gcomhar. Molaimid go bhféachfaí ar na roghanna uile chun a áirithiú nach rachaidh an rialachán nua chun dochair don chomhar atá againn cheana féin chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac.

Cé gur díol sásaimh dúinn go n-áirithítear rannpháirtíocht na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen agus tríú tír mar shampla an Ríocht Aontaithe trí chomhaontuithe déthaobhacha, is oth linn nach rabhthas in ann go dtí seo teacht ar réiteach don Danmhairg. Dá bhféadfadh Ballstáit nach Ballstáit de chuid an Aontais iad dul i gcomhar leis an Aontas sa réimse sin, gan an deis sin a bheith ag an Danmhairg, ní bheadh an seasamh sin chomh fabhrach céanna ag an Danmhairg – Ballstát de chuid an Aontais agus Ballstát Schengen – ná ag stáit chomhlachaithe Schengen – agus ag tríú tíortha – maidir le comhar leis an Aontas sa réimse sin.

Leanfaidh an Danmhairg de réiteach pragmatach agus comhthairbheach a lorg idir an tAontas Eorpach agus an Danmhairg ar an ábhar tábhachtach seo.